Géibheann – *le Caitlín Maude.*

Téama:

Baineann an dán seo le daoirse agus saoirse. Is téama eile é an dúlra. Ag tús an dáin, feicimid ainmhí cumhachtach – leon nó tíogar b'fhéidir – ainmhí láidir, atá ina cónaí sna teochreasa. Ach anois níl sí láidir ar chor ar bith. Tá an t-ainmhí bocht in ísle brí. Is taispeántas í anois dona daoine a thagann chun féachaint uirthi. Uair amháin, bhí sí saor, ach anois tá sí i ndaoirse. Fuair an file seo bás den ailse nuair a bhí sí daichead bliain d'aois. Baineann an dán leis an daoirse a mhothaigh an file nuair a bhí sí tinn.

Mothúcháin:

Is iad bród, brón agus éadochas na mothúcháin sa dán seo. Tá codarsnacht ghéar idir an chéad véarsa agus an dara véarsa. Sa chéad véarsa, tá an t-ainmhí saor agus láidir. Caitheann sí an t-am ag búiríl sa choill. Sa dara véarsa, tá an t-ainmhí bocht ina luí ar an talamh ag féachaint ar chrann os a comhair. Tá sí míshona lena saol mar tá sé leadránach ar fad. Is féidir an tíogar a fheiceáil i ngéibheann sa zú, agus is féidir an file a fheiceáil nuair a bhí sí tinn. Tagann daoine ag féachaint uirthi, ach ní féidir leo cuidiú. Ní féidir leo í a ligean amach. Mothaíonn an file go bhfuil sí i ndaoirse. Tá atmaisféar éadóchasach le feiceáil sa dán seo. Tá trua agam don ainmhí, agus don fhile.

Barúl:

Is aoibhinn liom an dán seo, mar tá sé corraitheach ar fad. Is dán brónach é, ach tá sé iontach cliste. Feicimid codarsnacht ghéar idir a saol a bhí lán le fuinneamh agus saoirse, agus a saol anois atá éadóchasach. Bhí an tíogar bródúil nuair a bhí sí saor, ach anois, tá sí in ísle brí. Úsáideann an file focail atá simplí, nádúrtha. Tá brón an domhain ar an ainmhí, agus cuireann sin brón an domhain orm freisin <o(